



2023/0129(COD)

28.11.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) 816/2006 (COM(2023)0224 – C9-0151/2023 – 2023/0129(COD))
Rapóirtéir don tuairim: Helmut Scholz

PA_Legam

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Beartaítear go sainráite faoin gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS')³ an fhéidearthacht chun ceadúnais éigeantacha a úsáid *i gcásanna éigeandála náisiúnta nó imthosca eile mórphráinne.*

³ IO L 336, 23.12.1994, lch. 214

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) *Tá sé fíor-riachtanach nach sroicheadh* táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach an Aontais *ach an margadh* inmheánach *amháin*. Ba cheart coinníollacha soiléire a *fhorchur* le

Leasú

(3) Beartaítear go sainráite faoin gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil ('Comhaontú TRIPS')³ an fhéidearthacht chun ceadúnais éigeantacha a úsáid. *Luaítear le Dearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS go bhfuil sé de cheart ag gach Comhalta de EDT ní hamháin ceadúnais éigeantacha a dheonú ach go bhfuil an tsaoirse acu freisin na forais ar a ndéonaítear na ceadúnais sin a chinneadh. In Airteagal 31(a) de Chomhaontú TRIPS, ceadáitear go sonrach onnmhairiú táirgí arna ndéanamh faoi cheadúnas éigeantach. Le 20 bliain anuas, níor úsáideadh ceadúnas éigeantach onnmhairiúcháin ach uair amháin ar an leibhéal domhanda.*

³ IO L 336, 23.12.1994, lch. 214

Leasú

(28) *D'ainneoin na solúbthachta a áirítear i gComhaontú TRIPS, ba cheart go mbeadh* táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach an Aontais *ceaptha soláthar a dhéanamh don mhargadh*

ceadúnas éigeantach an Aontais *ar an gceadúnaí dá bhrí sin* a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí *sin* arna n-údarú faoin gceadúnas, *lena n-áirítear cumhdach críochach na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart don sealbhóir ceart a bheith in ann dúshlán a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus úsáidí na gceart lena mbaineann le ceadúnas éigeantach an Aontais nach gcomhlíonann coinníollacha an cheadúnais, mar shárú ar a chearta maoinne intleachtúla i gcomhréir le Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'fhonn faireachán ar dháileadh táirgí arna monarú faoi cheadúnas éigeantach an Aontais a éascú, lena n-áirítear rialuithe ó údaráis chustaim, ba cheart don cheadúnaí a áirithiú go bhfuil saintréithe speisialta ag táirgí den sórt sin ionas go mbeidh sé éasca iad a shainaithint agus a idirdhealú ó na táirgí arna margú ag an sealbhóir ceart.*

⁹ Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(29) *Níor* cheart ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú *i gcomhthéacs sásra géarchéime nó éigeandála Aontais ach amháin* chun táirgí *atá* ábhartha *i gcás géarchéime* a sholáthar don mhargadh inmheánach. *Dá bhrí sin*, ba cheart *toirmeasc a chur ar onnmhairiú táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach*

inmheánach *den chuid is mó. Dá bhrí sin*, ba cheart coinníollacha soiléire a *shainiú* le ceadúnas éigeantach an Aontais *don cheadúnaí chomh maith leis an sealbhóir ceart* a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí arna n-údarú faoin gceadúnas, *nach mó iad ná na coinníollacha a chomhaontaítear faoi TRIPS. Níor* cheart *go gcuirfeadh Treoir 2004/48/CE* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ *bac ar tháirgeadh agus soláthar dlisteanach táirgí cógaisíochta* arna monarú faoi cheadúnas éigeantach *mar a fhoráiltear leis an dlí.*

⁹ Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45).

Leasú

(29) *Ba* cheart ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú *faoin Rialachán seo* chun táirgí ábhartha a sholáthar don mhargadh inmheánach *go príomha*. Ba cheart *ceadúnas éigeantach an Aontais le haghaidh onnmhairiú amháin a cheadú faoi na coinníollacha arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006.*

an Aontais.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(30) Ba cheart d'údaráis *chustaim* a áirithiú, *trí chur chuige anailís riosca*, nach ndéantar táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach an Aontais a onnmhairiú. Chun táirgí *den sórt* sin a shaináithint, ba cheart *gurb é* ceadúnas éigeantach an Aontais *an phríomhfhoinse faisnéise a d'úsáidfidh chun an anailís riosca custaim a dhéanamh*. Ba cheart dá réir sin faisnéis maidir le gach gníomh cur chun feidhme lena ndeonaítear nó lena modhnaítear ceadúnas éigeantach an Aontais a iontráil sa Chóras *um Bainistíocht Riosca Custaim Leictreonach (CRMS)* dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún¹⁰. I gcás ina saináithníonn údaráis *chustaim* táirge a bhfuil amhras ann nach gcomhlíonann sé an *toirmeasc* ar onnmhairiú, ba cheart dóibh *onnmhairiú an táirge sin a chur ar fionraí agus an* Coimisiún a chur ar an eolas láithreach. Ba cheart don Choimisiún teacht ar chonclúid maidir le comhlíontacht leis an *toirmeasc* onnmhairithe laistigh de 10 lá oibre, ach ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann a cheangal ar na húdaráis *chustaim* an fhionraíocht a choinneáil ar bun i gcás inar gá. Le cuidiú lena mheasúnú *féadfaidh* an Coimisiún dul i gcomhairle leis an sealbhóir ceart ábhartha. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann táirge an *toirmeasc* ar onnmhairiú, ba cheart d'údaráis *chustaim* diúltú dá onnmhairiú.

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme

Leasú

(30) Ba cheart d'údaráis *custam* a áirithiú nach ndéantar táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach an Aontais a onnmhairiú, *ach amháin nuair a cheadaítear sin le reachtaíocht ábhartha an Aontais nó na solúbthachtaí atá beartaithe i gComhaontú TRIPS*. Chun na táirgí sin a shaináithint, ba cheart *do na húdaráis custam* ceadúnas éigeantach an Aontais *a chur san áireamh*. Ba cheart dá réir sin faisnéis maidir le gach gníomh cur chun feidhme lena ndeonaítear nó lena modhnaítear ceadúnas éigeantach an Aontais a iontráil sa Chóras *Leictreonach Bainistíochta Riosca Custam (CBRC)* dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún¹⁰. I gcás ina saináithníonn údaráis *custam* táirge a bhfuil amhras ann nach gcomhlíonann sé an *srian* ar onnmhairiú, ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach. Ba cheart don Choimisiún teacht ar chonclúid maidir le comhlíontacht leis an *srian* onnmhairithe laistigh de 10 lá oibre, ach ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann a cheangal ar na húdaráis *custam* an fhionraíocht a choinneáil ar bun i gcás inar gá. Le cuidiú lena mheasúnú, *ba cheart go mbeadh* an Coimisiún *in ann* dul i gcomhairle leis an sealbhóir ceart ábhartha *agus le geallsealbhóirí ábhartha eile*. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann táirge an *srian* ar onnmhairiú, ba cheart d'údaráis *custam* diúltú dá onnmhairiú.

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme

(AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonracha maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

(AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custam an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(37) Ní hamháin gur cheart féidearthacht a bheith ar fáil le haghaidh ceadúnas éigeantach ar leibhéal an Aontais chun soláthar a dhéanamh do mhargadh an Aontais ach ba cheart féidearthacht a bheith ann freisin **faoi choinniollacha áirithe** chun **críocha** onnmhairiúcháin maidir le tíortha ina bhfuil fadhbanna sláinte poiblí, atá rialáilte cheana féin le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹. Faoin Rialachán sin, maidir le deonú ceadúnas éigeantach den sórt sin, cinneann agus déanann údaráis inniúla na mBallstát a fuair iarratas comhfhreagrach ó dhuine a bhfuil sé beartaithe acu táirgí cógaisíochta a tháirgeadh agus a dhíol a chumhdaítear le paitinn nó le cosaint fhorlíontach le haghaidh onnmhairiú chuig tríú tíortha incháilithe ar bhonn náisiúnta iad. Le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 ní cheadaítear ach ceadúnú éigeantach a chumhdaíonn monaraíocht táirgí thar roinnt Ballstát trí **phróisis** náisiúnta. I gcomhthéacs **mhodh** monaraíochta trasteorann bheadh gá le ceadúnais éigeantacha náisiúnta éagsúla. D'fhéadfadh próiseas trom agus fadálach leanúint as sin toisc go gceanglófaí nósanna imeachta náisiúnta éagsúla a sheoladh leis **seo** agus **d'fhéadfadh** raon feidhme agus coinniollacha éagsúla a bheith ag baint leo

Leasú

(37) Ní hamháin gur cheart féidearthacht a bheith ar fáil le haghaidh ceadúnas éigeantach ar leibhéal an Aontais chun soláthar a dhéanamh do mhargadh an Aontais ach ba cheart féidearthacht a bheith ann freisin chun **críoch** onnmhairiúcháin maidir le tíortha ina bhfuil fadhbanna sláinte poiblí, atá rialáilte cheana féin le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹. Faoin Rialachán sin, maidir le deonú ceadúnas éigeantach den sórt sin, cinneann agus déanann údaráis inniúla na mBallstát a fuair iarratas comhfhreagrach ó dhuine a bhfuil sé beartaithe acu táirgí cógaisíochta a tháirgeadh agus a dhíol a chumhdaítear le paitinn nó le cosaint fhorlíontach le haghaidh onnmhairiú chuig tríú tíortha incháilithe ar bhonn náisiúnta iad. Le Rialachán (CE) Uimh. 816/2006, ní cheadaítear ach ceadúnú éigeantach a chumhdaíonn monaraíocht táirgí thar roinnt Ballstát trí **nósanna imeachta** náisiúnta. I gcomhthéacs **modha** monaraíochta trasteorann, bheadh gá le ceadúnais éigeantacha náisiúnta éagsúla. D'fhéadfadh próiseas trom agus fadálach leanúint as sin toisc go gceanglófaí nósanna imeachta náisiúnta éagsúla a sheoladh leis **sin** agus **go bhféadfadh** raon feidhme agus coinniollacha éagsúla a

sin. Chun na sineirgí agus an próiseas éifeachtúil a bhaint amach mar a dhéantar le sásraí géarchéime an Aontais, ba cheart ceadúnas éigeantach an Aontais a bheith ar fáil freisin, i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 816/2006. Éascófar monaraíocht na dtáirgí ábhartha thar roinnt Ballstát **leis sin** agus soláthrófar réiteach ar leibhéal an Aontais **leis seo** chun cás a sheachaint ina gceanglófaí roinnt **ceadúnas éigeantach** le haghaidh an táirge chéanna i níos mó ná Ballstát amháin ionas go bhféadfadh ceadúnaithe na táirgí a mhonarú agus a onnmhairiú mar atá beartaithe. Aon duine atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnas éigeantach chun críocha agus faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 816/2006, ba cheart go mbeidís in ann, le haon iarratas amháin, ceadúnas éigeantach a iarraidh faoin Rialachán sin atá bailí ar fud an Aontais, i gcás **go** mbeadh ar an duine sin, agus é ag brath ar scéimeanna **ceadúnaithe éigeantacha** náisiúnta de chuid na mBallstát, iarratas a dhéanamh murach sin ar cheadúnais éigeantacha **iolracha** le haghaidh an táirge chéanna atá ábhartha i gcás géarchéime i níos mó ná Ballstát amháin chun a chuid gníomhaíochtaí monaraíochta agus díola beartaithe **lena n-onnmhairiú** a chur i gcrích faoi Rialachán (CE) Uimh. 816/2006. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 a leasú dá réir sin.

bheith ag baint leo sin. Chun na sineirgí agus an próiseas éifeachtúil a bhaint amach mar a dhéantar le sásraí géarchéime an Aontais, ba cheart ceadúnas éigeantach an Aontais a bheith ar fáil freisin, i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 816/2006. **Ba cheart an méid sin a éascú tuilleadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha lena ndéantar ceadúnais éigeantacha onnmhairiúcháin a eisiúint, chun a áirithiú go mbeidh sé i gcomhréir go hiomlán le Comhaontú TRIPS agus lena raon iomlán solúbthachtaí. Le ceadúnas éigeantach an Aontais, éascófar úsáid an tsásra sin agus monaraíocht uile** na dtáirgí ábhartha thar roinnt Ballstát agus soláthrófar réiteach ar leibhéal an Aontais chun cás a sheachaint ina gceanglófaí roinnt **ceadúnais éigeantacha** le haghaidh an táirge chéanna i níos mó ná Ballstát amháin ionas go bhféadfadh ceadúnaithe na táirgí a mhonarú agus a onnmhairiú mar atá beartaithe. Aon duine atá ag smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnas éigeantach chun críocha agus faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 816/2006, ba cheart go mbeidís in ann, le haon iarratas amháin, ceadúnas éigeantach a iarraidh faoin Rialachán sin atá bailí ar fud an Aontais, i gcás **ina** mbeadh ar an duine sin, agus é ag brath ar scéimeanna náisiúnta **um cheadúnú éigeantach** de chuid na mBallstát, iarratas a dhéanamh murach sin ar cheadúnais éigeantacha **iomadúla** le haghaidh an táirge chéanna atá ábhartha i gcás géarchéime i níos mó ná Ballstát amháin chun a chuid gníomhaíochtaí monaraíochta agus díola **le haghaidh onnmhairiúcháin atá** beartaithe a chur i gcrích faoi Rialachán (CE) Uimh. 816/2006. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 a leasú dá réir sin.

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le ceadúnú

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 816/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le ceadúnú

éigeantach paitinní a bhaineann le monarú táirgí cógaisíochta lena n-onnmhairiú chuig tíortha a bhfuil fadhbanna sláinte phoiblí acu (IO L 157, 9.6.2006, lch. 1).

éigeantach paitinní a bhaineann le monarú táirgí cógaisíochta lena n-onnmhairiú chuig tíortha a bhfuil fadhbanna sláinte phoiblí acu (IO L 157, 9.6.2006, lch. 1).

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(40) Uirlis is ea é ceadúnú éigeantach an Aontais le haghaidh bainistiú géarchéime nach n-úsáidtear ach amháin in imthosca eisceachtúla. Níor cheart an **meastóireacht** a dhéanamh ach amháin nuair a dheonaíonn an Coimisiún ceadúnas éigeantach an Aontais. Ba cheart an tuarascáil mheastóireachta a chur isteach faoi lá deiridh na tríú bliana tar éis ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú, ionas go mbeifear in ann measúnú cuí agus cuí-réasúnaithe a dhéanamh ar an Rialachán seo.

Leasú

(40) Uirlis is ea é ceadúnú éigeantach an Aontais le haghaidh bainistiú géarchéime nach n-úsáidtear ach amháin in imthosca eisceachtúla. Níor cheart an **mheastóireacht** a dhéanamh ach amháin nuair a dheonaíonn an Coimisiún ceadúnas éigeantach an Aontais. Ba cheart an tuarascáil mheastóireachta a chur isteach faoi lá deiridh na tríú bliana tar éis ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú, ionas go mbeifear in ann measúnú cuí agus cuí-réasúnaithe a dhéanamh ar an Rialachán seo. ***I gcás nár deonaíodh ceadúnas éigeantach laistigh de thréimhse 5 bliana, ba cheart meastóireacht uathoibríoch a chur ar bun, ina ndéantar athbhreithniú ar na coinníollacha lena ndéantar ceadúnais éigeantacha a eisiúint agus ina ndéantar iad a choigeartú i gcás inar gá.***

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) beidh sé teoranta do chríoch an Aontais;

Leasú

scriosta

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis **atá** ábhartha **i gcás géarchéime a bhailigh** na Ballstáit nó an **Coimisiún** agus **sonraí comhbhailithe a fuair** comhlachtaí eile **atá ábhartha i gcás géarchéime** ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal idirnáisiúnta;

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) malartuithe agus **roinnt** faisnéise a éascú le comhlachtaí ábhartha eile **agus le comhlachtaí eile atá ábhartha i gcás géarchéime** ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta, **chomh maith le** leibhéal idirnáisiúnta i gcás inarb iomchuí;

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Toirmeasc ar onnmhairiú

Beidh **toirmeasc ar onnmhairiú na dtáirgí arna monarú** faoi cheadúnas éigeantach an Aontais.

Leasú

(b) anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha **ar fad arna bailiú ag** na Ballstáit nó **ag an gCoimisiún** agus **ar shonraí comhiomlánaithe arna bhfáil ag** comhlachtaí **ábhartha** eile ar leibhéal an Aontais agus ar **an** leibhéal idirnáisiúnta;

Leasú

(c) malartuithe agus **comhroinnt** faisnéise a éascú le comhlachtaí ábhartha eile ar leibhéal an Aontais agus ar **an** leibhéal náisiúnta, **agus ar an** leibhéal idirnáisiúnta **freisin**, i gcás inarb iomchuí;

Leasú

Úsáid cheaptha na dtáirgí

1. Beidh **na táirgí a mhonaraítear** faoi cheadúnas éigeantach an Aontais **ceaptha go príomha chun soláthar a dhéanamh don mhargadh inmheánach, ach amháin i gcás táirgí atá ceaptha lena n-onnmhairiú go heisiach faoi Rialachán 816/2006.**

2. **Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na coinníollacha faoina bhféadfar cuid nach bhfuil ina príomhchuid de na táirgí arna monarú faoi cheadúnas éigeantach an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tíortha.**

Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 24(2) agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an tráth céanna leis an ngníomh cur chun feidhme lena ndéonaítear ceadúnas éigeantach an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 7(7).

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. I gcás ina sainaithníonn údaráis **chustaim** táirge **ar féidir leis** teacht **faoin toirmeasc** a leagtar síos in **Airteagal 11**, cuirfidh siad **onnmhairiú an táirge sin ar fionraí**. **Tabharfaidh údaráis chustaim** fógra don Choimisiún láithreach **maidir leis an gcur ar fionraí** agus soláthróidh siad gach faisnéis ábhartha **dó** chun é a chur ar a chumas **dó** a shuí cé acu ar monaraíodh an táirge faoi cheadúnas éigeantach an Aontais. Chun **measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhfhreagraíonn na táirgí a chuirtear ar fionraí do cheadúnas éigeantach an Aontais**, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an sealbhóir ceart ábhartha.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann táirge a monaraíodh faoi cheadúnas éigeantach an Aontais **an toirmeasc** a leagtar síos in Airteagal 11, ní údaróidh údaráis **chustaim iad** a scaoileadh lena onnmhairiú. Cuirfidh

Leasú

3. I gcás ina sainaithníonn údaráis **custam** táirge **a d'fhéadfadh a bheith ag teacht faoi na srianta** a leagtar síos in **Airteagal 11**, **tabharfaidh** siad fógra don Choimisiún láithreach agus soláthróidh siad gach faisnéis ábhartha chun é a chur ar a chumas **don Choimisiún** a shuí cé acu ar monaraíodh an táirge faoi cheadúnas éigeantach an Aontais. **Sula nglacfaidh sé cinneadh chun an t-onnmhairiú a chur ar fionraí**, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an sealbhóir ceart ábhartha **agus le geallsealbhóirí ábhartha eile**.

Leasú

5. I gcás ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann táirge a monaraíodh faoi cheadúnas éigeantach an Aontais **na srianta** a leagtar síos in Airteagal 11, ní údaróidh údaráis **custam é** a scaoileadh lena onnmhairiú. Cuirfidh an

an Coimisiún an sealbhóir ceart lena mbaineann ar an eolas faoi neamhchomhlíontacht den sórt sin.

Coimisiún an sealbhóir ceart lena mbaineann ar an eolas faoi neamhchomhlíontacht den sórt sin.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

6. I gcás *nár údaraíodh scaoileadh* táirge *lena onnmhairiú*:

Leasú

6. I gcás *ina dtagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann* táirge *a mhonaraítear faoi cheadúnas éigeantach an Aontais na srianta a leagtar síos in Airteagal 11*:

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 6 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) i gcás inarb iomchuí *i bhfianaise an chomhthéacs géarchéime nó éigeandála*, féadfaidh an Coimisiún *a cheangal* ar údaráis *chustaim* oibleagáid a chur ar an onnmhaireoir bearta sonracha a dhéanamh ar a gcostais féin, lena n-áirítear iad a sholáthar do Bhallstáit arna n-ainmniú, más gá, i ndiaidh breith a thabhairt maidir lena gcomhlíontacht le dlí an Aontais.

Leasú

(a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún *iarraidh* ar údaráis *custam* oibleagáid a chur ar an onnmhaireoir bearta sonracha a dhéanamh ar a gcostais féin, lena n-áirítear iad a sholáthar do Bhallstáit arna n-ainmniú, más gá, i ndiaidh breith a thabhairt maidir lena gcomhlíontacht le dlí an Aontais.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 12 – mír 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) i ngach cás eile, féadfaidh *údaráis chustaim* aon bheart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar an táirge lena

Leasú

(b) i ngach cás eile, féadfaidh *an Coimisiún* aon bheart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéantar an táirge lena

mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais. **Beidh feidhm ag Airteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 dá réir sin.**

mbaineann a dhiúscairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe -a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 6 – mír 2

An téacs atá ann

2. Má tá an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar cheadúnas éigeantach ag cur ***iarratas*** faoi bhráid údarás ***i níos mó ná tír amháin*** don táirge céanna, sonrúfar é sin i ngach iarratas, in éineacht le mionsonraí maidir leis na ***cainníochtaí*** agus na tíortha allmhairiúcháin lena mbaineann.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe -a a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 6 – mír 3 – pointe c

An téacs atá ann

(c) an líon táirgí cógaisíochta a bhféachann an t-iarratasóir lena tháirgeadh faoin gceadúnas éigeantach;

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Leasú

-a. leasaítear Airteagal 6(2) mar a leanas:

2. Má tá an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh aige ar cheadúnas éigeantach ag cur ***iarratais iomadúla*** faoi bhráid údarás don táirge céanna, sonrúfar é sin i ngach iarratas, in éineacht le mionsonraí maidir leis na ***cainníochtaí*** agus na tíortha allmhairiúcháin lena mbaineann.

-a a. Leasaítear pointe (c) d’Airteagal 6(3) mar a leanas:

(c) an líon ***ionchasach*** táirgí cógaisíochta a bhféachann an t-iarratasóir lena tháirgeadh faoin gceadúnas éigeantach;

Airteagal 23 – mír 1 – pointe -a b (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 6 – mír 3 – pointe e

An téacs atá ann

(e) i gcás inarb infheidhme, fianaise ar **chaibidlíocht** roimh ré leis an sealbhóir ceart de bhun Airteagal 9

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a c (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 6 – mír 3 – pointe f

An téacs atá ann

(f) fianaise ar iarraidh shonrach ó: [...] lena léirítear an líon táirgí is gá.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a d (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 7

An téacs atá ann

Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don sealbhóir ceart gan mhoill maidir leis an iarratas ar cheadúnas éigeantach. Sula ndeonófar an cheadúnas éigeantach, **tabharfaidh** an t-údarás inniúil deis don sealbhóir ceart barúil a thabhairt den iarratas agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis an iarratas a sholáthar don údarás

Leasú

-a b. Leasaítear pointe (e)
d’Airteagal 6(3) mar a leanas:

(e) i gcás inarb infheidhme, fianaise ar **iarrachtaí caibidlíocht a dhéanamh** roimh ré leis an sealbhóir ceart de bhun Airteagal 9;

Leasú

-a c. Leasaítear pointe (f)
d’Airteagal 6(3) mar a leanas:

(f) fianaise ar iarraidh shonrach ó: lena léirítear an líon **ionchasach** táirgí is gá.

Leasú

-a d. Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don sealbhóir ceart gan mhoill maidir leis an iarratas ar cheadúnas éigeantach. Sula ndeonófar an cheadúnas éigeantach, **féadfaidh** an t-údarás inniúil deis **a thabhairt** don sealbhóir ceart barúil a thabhairt den iarratas agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis an iarratas a sholáthar

inniúil.

don údarás inniúil.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a e (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 9 – mír 1

An téacs atá ann

1. Cuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fáil **a shásóidh an t-údarás** inniúil go ndearna sé iarrachtaí údarú a fháil ón sealbhóir ceart agus nár éirigh leis na hiarrachtaí sin laistigh de thréimhse **tríocha** lá roimh an iarratas a chur isteach.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a f (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 10 – mír 1

An téacs atá ann

1. Beidh an ceadúnas a dheonófar neamh-insannta, seachas leis an bpáirt sin den fhiontar nó den **cháilmheas a bhfuil an ceadúnas aige**, agus beidh sé neamheisiach. Beidh ann na coinníollacha sonracha a leagtar amach i míreanna 2 go 9 atá le comhlíonadh ag an gceadúnaí.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a g (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 10 – mír 2

PE753.730v03-00

14/23

AD\1291970GA.docx

Leasú

-a e. Leasaítear Airteagal 9(1) mar a leanas:

1. Cuirfidh an t-iarratasóir fianaise ar fáil **don údarás** inniúil go ndearna sé iarrachtaí údarú a fháil ón sealbhóir ceart agus nár éirigh leis na hiarrachtaí sin laistigh de thréimhse **30** lá roimh an iarratas a chur isteach.

Leasú

-a f. Leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:

1. Beidh an ceadúnas a dheonófar neamh-insannta, seachas leis an bpáirt sin den fhiontar nó den **eagraíocht a bhaineann úsáid as an gceadúnas**, agus beidh sé neamheisiach. Beidh ann na coinníollacha sonracha a leagtar amach i míreanna 2 go 9 atá le comhlíonadh ag an gceadúnaí.

2. Ní rachaidh an líon táirge/táirgí a mhonaraítear faoin gceadúnas thar a bhfuil riachtanach chun freastal ar riachtanais na tíre allmhairiúcháin nó na dtíortha allmhairiúcháin a luaitear san iarratas, agus an líon táirge/táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnais éigeantacha eile arna ndeonú in áit eile á chur san áireamh.

-a g. leasaítear Airteagal 10(2) mar a leanas:

2. Ní rachaidh an líon **ionchasach** táirge/táirgí a mhonaraítear faoin gceadúnas thar a bhfuil riachtanach chun freastal ar riachtanais na tíre allmhairiúcháin nó na dtíortha allmhairiúcháin a luaitear san iarratas, agus an líon táirge/táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnais éigeantacha eile arna ndeonú in áit eile á chur san áireamh.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe -a (nua)
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 10 – mír 8

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil, **arna iarraidh sin ag an sealbhóir ceart nó** ar a thionscnamh féin, má cheadaíonn an dlí náisiúnta don údarás inniúil gníomhú ar a thionscnamh féin, **rochtain a iarraidh ar leabhair agus taifid a choinníonn an ceadúnaí, d'aon toisc chun seiceáil a dhéanamh ar cé acu ar comhlíonadh téarmaí an cheadúnais, agus go háirithe iad siúd a bhaineann le ceann scríbe deiridh na dtáirgí. Aireofar leis na leabhair agus taifid** cruthúnas ar onnmhairiú an táirge, trí dhearbhu onnmhairiúcháin arna dheimhniú ag an údarás **custaim** lena mbaineann, chomh maith le cruthúnas ar allmhairiú ó cheann de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3)(f).

(-a h) Leasaítear Airteagal 10(8) mar a leanas:

8. Féadfaidh an t-údarás inniúil, ar a thionscnamh féin, má cheadaíonn an dlí náisiúnta don údarás inniúil gníomhú ar a thionscnamh féin, cruthúnas ar onnmhairiú an táirge, trí dhearbhu onnmhairiúcháin arna dheimhniú ag an údarás **custam** lena mbaineann, **a iarraidh ar an gceadúnaí,** chomh maith le cruthúnas ar allmhairiú ó cheann de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 6(3)(f).

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 18 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Féadfaidh an Coimisiún ceadúnas éigeantach a dheonú *i gcás ina mbíonn gníomhaíochtaí monaraíochta agus díola le haghaidh onnmhairiúcháin scaipthe ar fud Ballstáit éagsúla agus dá bhrí sin d'éileofaí ceadúnais éigeantacha leo le haghaidh an táirge chéanna i níos mó ná Ballstát amháin.*

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 18 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Féadfaidh aon duine iarratas ar cheadúnas éigeantach a chur isteach faoi mhír 1. Comhlíonfar na ceanglais a *leagtar síos in Airteagal 6(3)* san iarratas *agus sonrúfar na Ballstáit a chumhdófar leis an gceadúnas éigeantach ann.*

Leasú

1. Féadfaidh an Coimisiún ceadúnas éigeantach *paitinní a bhaineann le monaraíocht táirgí cógaisíochta le honnmhairiú chuig tíortha ina bhfuil fadhbanna sláinte phoiblí a dheonú freisin.*

Leasú

2. Féadfaidh aon duine iarratas ar cheadúnas éigeantach a chur isteach faoi mhír 1. Comhlíonfar na ceanglais *seo a leanas* san iarratas:

- (a) ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra agus aon ghníomhaire nó ionadaí a ndearna an t-iarratasóir iad a cheapadh chun gníomhú thar a cheann os comhair an údaráis inniúil;*
- (b) ainm neamhdhílseánaigh an táirge nó na dtáirgí cógaisíochta a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a mhonarú agus a dhíol lena n-onnmhairiú faoin gceadúnas éigeantach;*
- (c) an líon ionchasach táirgí cógaisíochta a bhféachann an t-iarratasóir lena tháirgeadh faoin gceadúnas éigeantach;*
- (d) an tír allmhairiúcháin nó na tíortha allmhairiúcháin;*

(e) i gcás inarb infheidhme, fianaise ar iarrachtaí caibidlíocht a dhéanamh roimh ré leis an sealbhóir ceart de bhun Airteagal 9;

(f) fianaise ar iarraidh shonrach ó:

(i) ionadaithe údaraithe na tíre allmhairiúcháin nó na dtíortha allmhairiúcháin; nó

(ii) eagraíocht neamhrialtasach a ghníomhaíonn leis an údarú foirmiúil ó thír allmhairiúcháin amháin nó níos mó; nó

(iii) comhlachtaí na Náisiún Aontaithe nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sláinte eile a ghníomhaíonn leis an údarú foirmiúil ó thír allmhairiúcháin amháin nó níos mó.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a
Rialachán (CE) Uimh. 816/2006
Airteagal 18 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. An *ceadúnas* éigeantach arna dheonú i gcomhréir le mír 1, *beidh sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10 agus sonrú leis* go bhfuil sé infheidhme maidir le críoch iomlán an Aontais.

Leasú

3. *Sonrófar leis an gceadúnas* éigeantach arna dheonú i gcomhréir le mír 1 go bhfuil sé infheidhme maidir le críoch iomlán an Aontais *agus beidh sé faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:*

(a) Beidh an ceadúnas a dheonófar neamh-insannta, seachas leis an bpáirt sin den fhiontar nó den eagraíocht neamhbhrabúsach a bhaineann úsáid as an gceadúnas, agus beidh sé neamheisiach. Beidh ann do na coinníollacha sonracha mar a leagtar amach sa mhír seo;

(b) Ní rachaidh an líon ionchasach táirge/táirgí a mhonaraítear faoin gceadúnas thar a bhfuil riachtanach chun freastal ar riachtanais na tíre allmhairiúcháin nó na dtíortha allmhairiúcháin a luaitear san iarratas,

agus an líon táirge/táirgí a mhonaraítear faoi cheadúnais éigeantacha eile arna ndeonú in áit eile á chur san áireamh;
(c) Sonrófar fad an cheadúnais;

(d) Beidh an ceadúnas teoranta go docht do gach gníomh is gá chun an táirge atá i gceist a mhonarú chun é a onnmhairiú agus a dháileadh sa tír nó sna tíortha a luaitear san iarratas. Ní chuirfear aon táirge arna dhéanamh nó arna allmhairiú faoin gceadúnas éigeantach ar díol ná ar an margadh in aon tír seachas an ceann a luaitear san iarratas, ach amháin i gcás ina mbaineann an tír allmhairiúcháin leas as na féidearthachtaí faoi fhomhír 6(i) den Chinneadh onnmhairiú chuig comhaltaí de chomhaontú trádála réigiúnach a bhfuil an fhadhb shláinte chéanna i gceist acu;

(e) Déanfar táirgí arna ndéanamh faoin gceadúnas a shainaithint go soiléir, trí lipéadú nó marcáil shonrach, mar tháirgí arna dtáirgeadh de bhun an Rialacháin seo. Déanfar na táirgí a idirdhealú ó tháirgí arna ndéanamh ag an sealbhóir ceart trí phacáistíocht speisialta agus/nó dathú/múnlu speisialta, ar choinníoll go bhfuil idirdhealú den sórt sin indéanta agus nach mbíonn tionchar suntasach aige ar phraghas na dtáirgí. Ar an bpacáistíocht agus ar aon litriocht ghaolmhar, léireofar go bhfuil an táirge faoi réir ceadúnas éigeantach faoin Rialachán seo, lena dtugtar ainm an údaráis inniúil agus aon uimhir aitheantais thagartha, agus lena sonraítear go soiléir go bhfuil an táirge le honnmhairiú chuig an tír allmhairiúcháin nó na tíortha allmhairiúcháin lena mbaineann agus le dáileadh inti nó iontu go heisiach. Cuirfear mionsonraí maidir le saintréithe an táirge ar fáil d'údaráis custam na mBallstát;

(f) Roimh loingsiú chuig an tír allmhairiúcháin nó na tíortha allmhairiúcháin a luaitear san iarratas, cuirfidh an ceadúnaí an fhaisnéis seo a

leanas ar shuíomh gréasáin:

- (i) na cainníochtaí a sholáthraítear faoin gceadúnas agus na tíortha allmhairiúcháin dá soláthraítear iad;*
- (ii) gnéithe idirdhealaitheacha an táirge nó na dtáirgí lena mbaineann.*

Cuirfear seoladh an tsuímh gréasáin in iúl don údarás inniúil.

(g) Má dhéantar an táirge nó na táirgí a chumhdaítear leis an gceadúnas éigeantach a phaitinniú sna tíortha allmhairiúcháin a luaitear san iarratas, ní dhéanfar an táirge nó na táirgí a onnmhairiú ach amháin má tá ceadúnas éigeantach eisithe ag na tíortha sin maidir le hallmhairiú, díol agus/nó dáileadh na dtáirgí;

(h) Féadfaidh an t-údarás inniúil, ar a thionscnamh féin, má cheadaíonn an dlí náisiúnta don údarás inniúil gníomhú ar a thionscnamh féin, cruthúnas ar onnmhairiú an táirge, trí dhearbhu onnmhairiúcháin arna dheimhniú ag an údarás custam lena mbaineann, a iarraidh ar an gceadúnaí, chomh maith le cruthúnas ar allmhairiú ó cheann de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18a(2)(e);

(i) Is é an ceadúnaí a bheidh freagrach as luach saothair leordhóthanach a íoc leis an sealbhóir ceart arna chinneadh ag an údarás inniúil mar seo a leanas:

- (i) i gcásanna éigeandála náisiúnta nó imthosca eile mórphráinne nó i gcásanna úsáide poiblí neamhthráchtálaí, beidh an luach saothair cothrom le 4% ar a mhéad den phraghas iomlán atá le híoc ag an tír allmhairiúcháin nó thar a ceann;*

- (ii) i ngach cás eile, cinnfear an luach saothair agus luach eacnamaíoch na húsáide a údaraítear faoin gceadúnas don tír allmhairiúcháin nó do na tíortha allmhairiúcháin lena mbaineann a chur san áireamh, chomh maith le himthosca daonnúla nó neamhthráchtála a bhaineann le heisiúint an cheadúnais.*

(j) Tá na coinníollacha ceadúnais gan dochar don mhodh dailte sa tír

allmhairiúcháin.

Féadfaidh aon cheann de na comhlachtaí a liostaítear in Airteagal 18a (2)(f) dáileadh a dhéanamh, mar shampla, agus féadfar é a dhéanamh ar théarmaí tráchtála nó neamhtráchtála, lena n-áirítear gan táille ar bith.

Leasú 28

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 23 – mír 1 – pointe a

Rialachán 816/2006/CE

Airteagal 18a – mír 5 – an dara fómhír

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 18b(2). Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le **tionchair na bhfadhbanna** sláinte **poiblí**, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 18b (3).

Leasú

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 18b(2). Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le **fadhbanna** sláinte **poiblí**, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 18b(3).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) 816/2006
Tagairtí	COM(2023)0224 – C9-0151/2023 – 2023/0129(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 12.6.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 12.6.2023
Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	5.10.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Helmut Scholz 24.5.2023
Pléite sa choiste	19.9.2023
Dáta an ghlactha	28.11.2023
Toradh na vótála chríochnaithí	+: 20 –: 13 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Daniel Caspary, Paolo De Castro, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Martine Kemp, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Gabriel Mato, Sara Matthieu, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Michiel Hoogeveen, Javier Moreno Sánchez, Ralf Seekatz

IARSCRÍBHINN: NA HEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas agus/nó duine
Health Action International
Médecins Sans Frontières
Drugs for Neglected Diseases Initiative
Medicines Law & Policy
Ollscoil Amstardam
Pramiti Parwani (Ollscoil Amstardam)
Ionadaithe ón Aonad C.4 – An Geilleagar Doláimhsithe (AS GROW)

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

20	+
NI	Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó
Renew	Barry Andrews, Samira Rafaela, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	Paolo De Castro, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Joachim Schuster, Mihai Tudose, Kathleen Van Brempt
The Left	Emmanuel Maurel, Helmut Scholz
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Heidi Hautala, Sara Matthieu

13	-
ECR	Geert Bourgeois, Michiel Hoogeveen, Jan Zahradil
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Martine Kemp, Gabriel Mato, Ralf Seekatz, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez
Renew	Karin Karlsbro, Catharina Rinzema

1	0
PPE	Danuta Maria Hübner

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh